


éadaí snámha



caisleán gainimh



sliogán



uachtar gréine

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Rinne Barra dearmad uachtar gréine a chur air féin. Cén fáth a raibh sin amaideach, do bharúil?

### Tasc 2:

Rinne Barra agus Orla caisleán gainimh ar an trá. Ainmnigh 5 rud eile a fheiceann tú cois farraige.

cea
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

15 An Trá

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam
Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## An Trá

# An Trá


Lá breá samhraidh a bhí ann. Chuaigh Mamaí, Barra agus Orla chuig an trá. Bhí na páistí ag dúil go mór leis. Is breá leo an trá. Bhí an áit dubh le daoine.

Chuir siad **éadaí snámha** orthu féin ar dtús. Ansin, rith siad síos chuig an uisce agus léim siad isteach ann. Chaith siad an mhaidin ar fad ag snámh agus ag súgradh san fharraige.

Nuair a tháinig siad amach as an uisce, thóg Barra buicéad agus spád agus rinne sé **caisleán gainimh**. Chuidigh Orla leis. Ina dhiaidh sin, chuaigh siad a lorg **sliogán** don chaisleán. Bhí cuma iontach air nuair a bhí sé réidh acu.

Bhí picnic ag na páistí tráthnóna. D'ith siad ceapairí agus torthaí. Tamall ina dhiaidh sin, thosaigh an fharraige ag teacht isteach. Bhí daoine ag imeacht anois. Dúirt Mamaí go raibh orthu dul abhaile. Bhí brón ar na páistí ansin.

Thit Orla ina codladh go gasta ar an bhealach abhaile, ach thosaigh Barra ag caoineadh. Bhí sé dóite ag an ghrian. Rinne sé dearmad **uachtar gréine** a chur air féin i ndiaidh am lóin. Nach é a bhí amaideach?



# Ceisteanna

**1.** **Cad é mar a bhí an aimsir an lá seo?**
(a) Fliuch
(b) Fuar
(c) Galánta

**2.** **Cad é mar a mhothaigh Barra agus Orla?**
(a) Bhí siad feargach
(b) Bhí siad tógtha
(c) Bhí siad brónach

**3.** **Cad é a chiallaíonn an frása 'bhí an áit dubh le daoine'?**
(a) Bhí an gaineamh uilig dubh
(b) Bhí cuid mhór daoine ann
(c) Bhí na daoine uilig salach

**4.** **Cad é mar a chaith siad an mhaidin?**
(a) Ag iascaireacht
(b) San fharraige
(c) Ag lorg sliogán

**5.** **Cén chuma a bhí ar an chaisleán gainimh?**
(a) Amaideach
(b) Ar dóigh
(c) Gránna

**6.** **Cén fáth a raibh sé in am acu dul abhaile, do bharúil?**
(a) Bhí deifir ar Mhamaí
(b) Bhí an fharraige ag teacht isteach
(c) D'éirigh sé fuar

